



Téarmaí agus Coinníollacha Chomórtas Eitilte Chomhairle Contae Mhaigh Eo

1. Baineann na téarmaí agus coinníollacha seo le comórtas atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le heitilt fhillte saor in aisce a bhuanachán ó áit ar bith ar domhan go **hAerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire**, Contae Mhaigh Eo, Éire do bhuaiteoir amháin agus a rogha aoi.
2. Caithfidh iontrálaithe a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine ag tráth na hiontrála sa chomórtas.
3. Leis an gcomórtas seo a iontráil, caithfidh iontrálaithe an fhoirm ar líne ag www.mayoday.ie a líonadh. Níl an comórtas seo ar oscailt d'fhostaithe, gníomhairí, conraitheoirí nó fochonraitheoirí Chomhairle Contae Mhaigh Eo - nó dá dteaghlach.
4. Measfar gur ghlac iontrálaithe a iontrálann an comórtas seo leis na téarmaí agus coinníollacha seo.
5. Caithfidh iontrálacha cloí go dian leis na téarmaí agus coinníollacha seo agus le haon choinníollacha sna teachtaireachtaí nó sna promóisin a bhaineann leis an gcomórtas sin nó measfar go bhfuil siad neamhbhailí. **Ceadaítear iontráil amháin an duine.** Tá iontrálacha ag gníomhairí/tríú páirtithe neamhbhailí.
6. Ní ghlacann Comhairle Contae Mhaigh Eo le haon fhreagracht nó dliteanas as iontrálacha nó eolas a bhaineann le hiontrálacha a chailltear.
7. Roghnófar an iontráil bhuaiteach go randamach ó na hiontrálacha bailí a fhaightear trí ghineadóir uimhreacha randamacha. Tá an cinneadh críochnaitheach agus ní iontrálfar in aon chomhfhreagras.
8. Is amhlaidh atá aon duais agus mar a luaitear in aon teachtaireachtaí nó promóisin a fhógraíonn an comórtas sin. Ní chuirfear aon airgead tirim nó roghanna eile malartacha ar fáil agus **ní féidir duaiseanna a aistriú.** Baineann an duais le **heitiltí amháin.**
9. Sa chás go ndiúltaíonn an buaiteoir an duais a bronnadh air/uirthi nó nach féidir le Comhairle Contae Mhaigh Eo teagmháil a dhéanamh leis an mbuaiteoir i ndiaidh iarrachtaí réasúnta a dhéanamh, is féidir le Comhairle Contae Mhaigh Eo an duais a bhronnadh ar iontrálaí eile, a roghnófar go randamach.
10. Trí ghlacadh leis an duais, bronnann an buaiteoir an ceart ar Chontae Mhaigh Eo a (h)ainm a úsáid agus pictiúr de/di a fhoilsiú sna meáin siúd a roghnóidh Comhairle Contae Mhaigh Eo (an t-idirlíon san áireamh, ach gan bheith teoranta dó) ar mhaithe le cuspóirí fógraíochta agus promóisin gan aon bhreithniú breise a dhéanamh.



11. Ní bheidh aon dliteanas ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo d'aon chaillteanas, díobháil nó gortú a bhféadfadh an buaiteoir nó aon duine eile a roinneann an buaiteoir an duais leis/léi a bheith thíos leis.
12. Mar chuid den duais, caithfidh an buaiteoir páirt a ghlacadh i seisiún grianghraf ar mhaithe le cuspóirí meán.
13. Trí ghlacadh leis an duais, tugann an buaiteoir an gealltanas go n-úsáidfídh siad an duais chun eitilt go dtí Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire, Éire, aon tráth **idir an 1 Bealtaine agus an 31 Bealtaine 2024**.
14. Bhronn Comhairle Contae Mhaigh Eo luach uasta airgeadaíochta €4,000 ar an duais. Tá baint ag an luach uasta seo le costas eitiltí caighdeánacha fillte barainne go hAerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire, Éire, agus ní féidir iad a úsáid d'aon chuspóir eile.
15. Tá eitiltí le deimhniú agus le cur in áirithe **tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir 2024**.
16. Is é an dáta deiridh leis an gcomórtas a iontráil 23:59 (meán-am Greenwich) **Dé hAoine, an 10 Samhain 2023**. Tá an ceart ar cosaint ag Comhairle Contae Mhaigh Eo an comórtas a chur ar fionraí nó deireadh a chur leis nó na téarmaí agus coinníollacha seo a leasú ag aon tráth ar aon chúis bhailí theicniúil nó tráchtála.

